**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – EOC Belgium v an Coimisiún**

**(Cás T-747/20)** [1]

***(Dumpáil – Allmhairí chineálacha áirithe alcóil polaivinile de thionscnamh na Síne – Dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha – Díolúine d'allmhairí le úsáid shonrach – Caingean le haghaidh neamhniú – Indeighilteacht – Gníomh rialaitheach lena bhforáiltear bearta cur chun feidhme – Cúram díreach – Gníomh ar féidir agóid a dhéanamh ina choinne – Inghlacthacht – An chéad fhomhír d'Airteagal 9(5) de Rialachán (AE) 2016/1036 – An dleacht a fhorchuirtear ar bhonn neamh-idirdhealaitheach – Cóir chomhionann)***

(2023/C 83/20)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* EOC Belgium (Oudenaarde, an Bheilg) (ionadaithe: Y. Melin agus I. Fressynet, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: K. Blanck, G. Luengo agus M. Gustafsson, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear Airteagal 1(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1336 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí chineálacha áirithe alcóil polaivinile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ar neamhní (IO 2020 L 315, lch. 1).

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do EOC Belgium na costais a íoc.

---

([1]) IO C 53, 15.2.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 18 Eanair 2023 – an Rómáin v an Coimisiún**

**(Cás T-33/21)** [1]

***(CERT agus CETFT – Caiteachas arna eisiamh ó mhaoiniú – Caiteachas arna dtabhú ag an Rómáin – Clár forbartha tuaithe náisiúnta 2007-2013 – Modhanna rátaí tacaíochta a ríomh faoi fhobheart "1a" de bheart 215 – Íocaíochtaí i leith leasa "muca lena ramhrú" agus "céiseanna" – Méadú 10 % ar a laghad ar an spás atá ar fáil ag gach ainmhí – Oibleagáid cúiseanna a lua – Ionchais dhlisteanacha – Deimhneacht dhlíthiúil – Aicmiú dlíthiúil na bhfíoras – Airteagal 12(6) agus (7) de Rialachán Tairmligthe (AE) Uimh. 907/2014 – Treoirlínte maidir le ceartuithe airgeadais a ríomh i gcomhthéacs an nós imeachta maidir le himréiteach comhréireachta agus cuntas)***

(2023/C 83/21)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* an Rómáin (ionadaithe: E. Gane agus L.-E. Bațagoi, Gníomhairí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: J. Aquilina, A. Biolan agus M. Kaduczak, Gníomhairí)

**Maidir le:**

Leis an gcaingean de bhonn Airteagal 263 CFAE, iarrann an Rómáin go ndéanfar Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1734 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2021 lena n-eisítear ó mhaoiniú an Aontais Eorpaigh caiteachas áirithe arna thabhú ag na Ballstáit faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (IO 2020 L 390, lch. 10) a neamhniú, sa mhéid a ndéantar leis an gcinneadh sin caiteachas áirithe arna thabhú ag an Rómáin do na blianta airgeadais 2017 go dtí 2019 arb ionann é agus EUR 18 717 475,08.

**An chuid oibríochtúil**

1. Cuirtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1734 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2021 lena n-eisítear ó mhaoiniú an Aontais Eorpaigh caiteachas áirithe arna thabhú ag na Ballstáit faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) ar neamhní, sa mhéid a ndéantar caiteachas áirithe arna thabhú ag an Rómáin faoi CETFT do na blianta airgeadais 2017 go dtí 2019 a eisiamh arb ionann é agus EUR 18 717 475,08.

2. Ordaítear don Choimisiún Eorpach na costais a íoc.

---

([1]) IO C 163, 3.5.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Firearms United Network agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás T-187/21)** ([1])

***(REACH – Rialachán (AE) 2021/57 – Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a thabhairt cothrom le dáta – Srian maidir le luaidhe – Urchair ghunna luaidhe a úsáid le haghaidh fiach i mbogaigh nó i ngiorracht dóibh – Earráid fhollasach measúnaithe – Comhréireacht – Cinnteacht dhlíthiúil – Toimhde na neamhchiontachta)***

(2023/C 83/22)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Firearms United Network (Vársá, an Pholainn), Tomasz Walter Stępień (Żelechów, an Pholainn), Michał Budzyński (Cegłów, an Pholainn), Andrzej Marcjanik (Złotokłos, an Pholainn) (ionadaí: E. Wola Niak, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: K. Herrmann agus K. Mifsud-Bonnici, i gcáil Gníomhairí)

*Idiragraithe chun tacú leis an gcosantóir:* Poblacht Chónaidhme na Gearmáine (ionadaithe: J. Möller, Gníomhaire), Poblacht na Fraince (ionadaithe: T. Stéhelin agus G. Bain, Gníomhairí), an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ionadaithe: M. Heikkilä, W. Broere agus N. Herbatschek, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí go gcuirfear Rialachán (AE) 2021/57 ón gCoimisiún an 25 Eanáir 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) i dtaca le luaidhe in urchair ghunna a úsáid i mbogaigh nó i ngiorracht dóibh (IO 2021 L 24, lch. 19) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Firearms United Network, Tomasz Walter Stępień, Michał Budzyński agus Andrzej Marcjanik a gcostais féin chomh maith leis na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an nós imeachta eatramhach, a íoc.